




# Sonraí a Léiriú


Luaitear sna torthaí foghlama do Shonraí Churaclam Matamaitice na Bunscoile (2023)<sup>1</sup> i ngach céim gur chóir go mbeadh foghlaimeoirí in ann sonraí a thaispeáint agus a léiriú ar bhealaí éagsúla. Éilíonn cineálacha éagsúla tacair sonraí modhanna éagsúla taispeána agus léirithe, chun cur ar chumas foghlaimeoirí gnéithe de na sonraí a chur in iúl agus ceisteanna a bhaineann leis na tacair sonraí a fhreagairt. Ba cheart go gcuirfí ar chumas foghlaimeoirí a dtacair sonraí a thaispeáint agus a léiriú trí úsáid a bhaint as uirlisí éagsúla lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, fíor-rudaí, táblaí, pictiúir, ábhair nithiúla agus uirlisí ar líne. Seo thíos roinnt bealaí a mholtar chun sonraí a thaispeáint agus a léiriú, a d'fhéadfadh do rang a úsáid.

## <sup>1</sup>Picteagram:

Taispeánann picteagram tacar sonraí ag baint úsáid as pictiúir nó siombailí chun sonraí uimhriúla a léiriú. Is fearr a oireann siad do sonraí simplí bunúsacha. Is féidir leis an tsiombail a úsáidtear seasamh d'aon luach agus ba chóir é sin a shonrú ag baint úsáid as eochair, mar shampla an picteagram ar dheis mar a léiríonn an eochair beirt leanaí. Ba chóir go mbeadh teideal agus lipéid shoiléire ar an dá ais ag an bpicteagram. Ní mór do gach pictiúr a bheith an mhéid chéanna agus spásáilte go cothrom, ionas nach saobhfar na sonraí. Is féidir na pictiúir a shocrú go cothrománach nó go hingearach.



## Barrachairteacha:




Is bealach éifeachtach é barrachairt chun tacar sonraí a léiriú trí bharraí ag airde éagsúla a úsáid<sup>2</sup>. Ba cheart go n-áireofaí sa bharrachairt an teideal, ina ndéantar cur síos ar an tacar sonraí atá á léirmhíniú, agus lipéid ar na haiseanna cothrománacha agus ingearacha araon, a chuireann síos ar na sonraí a bailíodh agus an scála. Agus na haiseanna á lipéadú, ba cheart go mbeadh an lipéad ar gach barra, ní idir eatarthu. Ba chóir go n-úsáidfeadh an y ais scála comhsheasmhach, ag tosú ó 0. Ba chóir go mbeadh na barraí ar leithead agus le spásáil chomhionann. Is féidir an bharrachairt a thógáil ag baint úsáid as ábhair nithiúla, mar shampla Lego nó poistíní, trí tharraingt nó trí theicneolaíocht dhigiteach a úsáid. Is féidir le scálaí éagsúla cuma na barrachairte a athrú agus d'fhéadfaí deis a thabhairt d'foghlaimeoirí an tacar sonraí céanna a léiriú ag úsáid bharrachairteacha le scálaí éagsúla chun a dtuiscint ar an gcoincheap sin a fhorbairt.

<sup>1</sup> Íomhá ó <https://www.topmarks.co.uk/Flash.aspx?f=pictograms>




## <sup>2</sup> Barrachairteacha Líneacha:

Tá barrachairteacha líneacha cosúil le barrachairteacha, ach léirítear na sonraí le línte in ionad barraí. Tá feidhm ag na prionsabail chéanna maidir le lipéadú na n-aiseanna agus teideal a thabhairt don ghraf.




## <sup>3</sup> Il-bharrachairteacha:

Tá il-bharrachairteacha úsáideach más mian le foghlaimeoirí comparáidí a thaispeáint thar roinnt catagóirí nó athruithe a rianú thar thréimhse ama. Ba chóir go n-úsáidfeadh an y ais scála comhsheasmhach, ag tosú ag 0. Ba chóir go mbeadh gach barra ar an leithead céanna, ionas nach dtarlódh claonadh i dtreo tacair shonraí ar leith. Ach dathanna éagsúla a úsáid leis na tacair shonraí laistigh de gach catagóir beidh sé níos éasca na graif a léamh.



## Píchairt:

Is bealach é píchairt chun sonraí a léiriú trí chiorcal a roinnt ina n-earnálacha, áit a bhfuil gach earnáil mar chuid den tacar sonraí iomlán. Léiríonn an píchairt iomlán an tacar iomlán sonraí. Níl píchairteacha oiriúnach ach amháin le haghaidh sonraí le líon beag fothacair, m.sh. sé cinn nó níos lú. Ba chóir go mbeadh teideal ar an bpíchairt. Ní mór gach earnáil a lipéadú, é sin nó ba cheart eochair a chur isteach chun tacú le léirmhíniú na sonraí atá sa píchairt. Ríomhtar méid gach earnála mar chuid den tacar sonraí ar fad, trí mhéid chéatadán iomlán an 360 céim a oibriú amach.




<sup>2</sup> Íomhá ó <http://www.mathematicshed.com/uploads/1/2/5/7/12572836/how-to-teach-data-handling-across-the-curriculum1.pdf>

<sup>3</sup> Sonraí ó <https://www.nbcolympics.com/tokyo-2020-medal-standings>



## Treoghraif:

Taispeánann treoghraif (ar a dtugtar líneghraif freisin) conas a bhaineann dhá thacar sonraí le chéile ag úsáid líne. Tá siad an-mhaith chun treochtaí a scrúdú le himeacht ama, mar léiríonn siad dhá chuid nó níos mó de shonraí leanúnacha ag baint úsáid as líne. Cuidíonn an líne leis an bpatrún, a d'fhéadfadh a bheith tar éis tarlú, a léiriú. Ba chóir go mbeadh teideal ag an ngraf agus ba chóir go mbeadh lipéad ar gach ais agus go mbeadh na haonaid curtha isteach ann. Ba chóir go mbeadh na lipéid ar na deighiltí, ní idir eatarthu. Braithfidh an scála a úsáidfead ar an tacar sonraí a bhailítear. Tarraingítear an treoghráf trí phointí a bhaineann leis na tacair sonraí a bhreacadh agus na pointí a cheangal chun an líne a dhéanamh.



## Poncléaráidí<sup>4</sup>:

Is graif iad poncléaráidí a úsáideann poncanna chun na sonraí a léiriú. Ba cheart poncanna den mhéid céanna a úsáid chun an chainníocht chéanna a léiriú agus chun saobhadh na sonraí a sheachaint. Úsáidtear poncléaráidí chun dáileadh minicíochta tacar sonraí beag a léiriú, seachas gaolmhaireachtaí idir tacair sonraí. Ba cheart teideal a thabhairt don phoncléaráid, agus ba cheart gach ais a lipéadú trí úsáid a bhaint as scála comhsheasmhach chun mífhaisnéis nó míléiriú ar an tacar sonraí a sheachaint.



## Eolas Breise agus Acmhainní Ar Líne:

- <http://www.mathematicshed.com/uploads/1/2/5/7/12572836/how-to-teach-data-handling-across-the-curriculum1.pdf>
- <https://www.pdst.ie/sites/default/files/PDSTDataandChanceManual.pdf>
- <https://polypad.amplify.com/p>
- <https://www.meta-chart.com/>

<sup>4</sup> <https://www.mathsisfun.com/data/dot-plots.html>